



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

GA

Tuairim 02/2022

(de bhun Airteagal 322(1), CFAE)

i dtaca le togra ón gCoimisiún
le haghaidh Rialachán ó
Pharlaimint na hEorpa agus ón
gComhairle lena leasaítear
Rialachán (AE, Euratom)
2018/1046 maidir leis na
rialacha airgeadais is
infheidhme maidir le buiséad
ginearálta an Aontais
[2022/0125(COD)]

Ábhar

	Alt
Réamhrá	01-14
Fíneálacha, pionóis eile agus smachtbhannaí	01-02
Fíneálacha agus pionóis a bhainistiú de réir fhorálacha reatha an Rialacháin Airgeadais	03-07
Forbairtí le déanaí sa chásdlí	08-10
An Togra	11-14
Barúlacha ginearálta	15-18
Tráchtanna sonracha	19-27
Cúiteamh	19-21
Ioncam diúltach	22-25
Ús mainneachtana	26
Na fíneálacha agus pionóis dheifnídeacha a iontráil sa bhuiséad	27
Leasuithe ar an togra atá á moladh againn	28
Iarscríbhinn	
Iarscríbhinn I – Na hathruithe ar an Togra a mholaimid agus tráchtanna ina leith	

TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 322(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, arna ghlacadh an 22 Aibreán 2022¹;

Ag féachaint don iarraidh ón gComhairle ar thuairim, a fuarthas an 6 Bealtaine 2022;

Ag féachaint don iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa ar thuairim, a fuarthas an 16 Bealtaine 2022; agus

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012² (an “Rialachán Airgeadais”).

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sa Rialachán Airgeadais, sonraítear na prionsabail agus na rialacha ginearálta airgeadais le haghaidh bainistiú bhuiséad Aontais, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas araon;
- (2) Ag éirí as forbairtí le déanaí sa chásdlí maidir le fíneálacha iomaíochta, mhol an Coimisiún an leasú sin ar an Rialachán Airgeadais chun an brú iomarcach ar chaiteachas bhuiséad an Aontais a mhaolú a luaithe is féidir. Is leasú é sin atá á dhéanamh ar leithligh ón togra chun na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad an Aontais a athmhúnlú³;

TAR ÉIS AN TUAIRIM SEO A LEANAS A GHLACADH:

¹ COM(2022) 184 final, 2022/0125 (COD).

² IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

³ COM(2022) 223 final, 2022/0162 (COD).

Réamhrá

Fíneálacha, pionóis eile agus smachtbhannaí

01 Forchuireann an Coimisiún fíneálacha, pionóis eile agus smachtbhannaí ar ghnóthais a sháraíonn dlí an Aontais nó ar Bhallstáit nach gcuireann dlí an Aontais i bhfeidhm, faoi mar a bhfuil tuairisc anseo thíos air:

- Forchuireann an Coimisiún **fíneálacha** ar ghnóthais a bhfuil na rialacha iomaíochta sáraithe acu faoi Airteagail 101 agus 102 CFAE. De réir rialacha iomaíochta ábhartha an Aontais⁴, cinneann an Coimisiún méid na fíneála atá le forchur ionas go bhfuil sé ina léiriú ar an tromchúis a bhain leis an sárú ar na rialacha iomaíochta agus ar an tréimhse a bhí an gnóthas rannpháirteach sa sárú ar na rialacha sin. Níor cheart, áfach, go rachadh an méid atá i gceist leis an bhfíneáil thar 10 % den láimhdeachas iomlán a ghin an gnóthas sa bhliain airgeadais roimh an gcinneadh;
- Chomh maith leis sin, féadfaidh an Coimisiún **pionóis eile agus smachtbhannaí** a fhorchur faoi CFAE nó faoi Chonradh Euratom. Is pionóis airgeadais an cineál pionóis is minice a dhéantar a fhorchur, go hiondúil sa chás go dtionscnaíonn an Coimisiún caingean dlí in aghaidh Ballstáit nach ndéanann reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme (go cuí). Ansin, tarchuireann sé an cheist chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) faoi Airteagal 260 CFAE. Is féidir le pionóis airgeadais a bheith i bhfoirm chothromráta agus/nó íocaíocht in aghaidh an lae. Déantar iad a ríomh trí thábhacht na rialacha atá sáraithe agus tionchar an tsáraithe a chur san áireamh, mar aon leis an tréimhse nach raibh dlí an Aontais á chur i bhfeidhm agus cumas na tíre na pionóis sin a íoc.

02 Téann fíneálacha, agus pionóis eile agus smachtbhannaí a bhailíonn an Coimisiún isteach i mbuiséad an Aontais, agus déantar iad a aicmiú mar ioncam eile. Athraíonn na méideanna atá i gceist ó bhliain go bliain, ag brath ar na méideanna deifnídeach a leagtar síos agus a íocann gnóthais agus Ballstáit. In 2021, is é €1.6 billiún a bhí i gceist leis sin (0.7 % de bhuiséad an Aontais).

⁴ Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1)

Fíneálacha agus pionóis a bhainistiú de réir fhorálacha reatha an Rialacháin Airgeadais

03 Nuair a dhéantar fíneáil nó pionós atá forchurtha ag an gCoimisiún a agóid os comhair CBAE, féadann an páirtí a bhfuil an fhíneáil nó an pionós forchurtha air méid na fíneála nó an phionóis a íoc ar bhonn sealadach, nó ráthaíocht bhainc a thabhairt lena gclúdaítear an méid i dtrácht⁵. I gcás íocaíochtaí sealadacha, déanann an féichiúnaí lena mbaineann méid na fíneála nó an phionóis a aistriú go dtí cuntas bainc an Choimisiúin. Ó 2009, tá na fíneálacha agus na pionóis sin á dtaisceadh i gciste ar leith faoin ainmníocht “BUFI” (Fíneálacha Buiséadacha) agus iad le hinfheistiú i mbannaí urraithe leis an aidhm an phríomhshuim a chaomhnú trí ús fabhraithe a thuilleamh agus ag an am céanna leachtacht an airgid a áirithiú sa chás go mbeadh an fhíneáil le tabhairt ar ais don ghnóthas lena mbaineann.

04 Sa chás nach ndéantar an fhíneáil nó an pionós a íoc faoin sprioc-am atá leagtha síos, ba cheart don Choimisiún ús mainneachtana a éileamh ag an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach (BCE) i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin de réir mar atá i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí ina bhfuil an sprioc-am, agus trí phointe céatadáin go leith curtha leis go dtí go mbeidh an íocaíocht déanta (REFI BCE, móide 3.5 pointe céatadáin)⁶. Má thograíonn an páirtí atá faoi réir fíneála nó pionóis ráthaíocht bhainc a sholáthar in ionad íocaíocht shealadach, caithfidh an ráthaíocht urrús a thabhairt d’íoc na fíneála nó an phionóis, ach chomh maith leis sin caithfidh an ráthaíocht sin urrús a thabhairt d’íocaíocht an úis ag ráta REFI BCE móide 1.5 pointe céatadáin.

05 Tar éis dul trí gach réiteach dlíthiúil is féidir a dhéanamh, agus **sa chás go bhfuil an fhíneáil nó an pionós deimhnithe** ag CBAE, déantar na méideanna a bailíodh go sealadach agus an t-ús gaolmhar atá gnóthaithe (an “toradh”) a iontráil i mbuiséad an Aontais. Sa chás go bhfuil ráthaíocht airgeadais taiscthe, déantar é a fhorfheidhmiú go cuí agus cuirtear na méideanna comhfhreagracha (lena n-áirítear an fhíneáil nó pionós, móide ús) a iontráil i mbuiséad an Aontais⁷.

⁵ Airteagal 108(1) agus (2) den Rialachán Airgeadais.

⁶ Airteagal 99(4) den Rialachán Airgeadais.

⁷ Airteagal 108(3) den Rialachán Airgeadais.

06 Más rud é go méadaítear an fhíneáil nó an pionós de dhroim breithiúnas ó CBAE, ba cheart don Choimisiún an méid breise atá dlite a éileamh agus sprioc-am a shocrú don íocaíocht. Mura n-íoctar an fhíneáil nó an pionós laistigh den sprioc-am, ba cheart don Choimisiún ús mainneachtana as íocaíocht dhéanach a éileamh amhail ó dháta an bhreithiúnais ó CBAE go dtí dáta na híocaíochta (féach mír **04**).

07 Sa chás go bhfuil an fhíneáil cealaithe nó laghdaithe mar thoradh ar phróiseas dlíthíochta, déantar na méideanna a bailíodh go sealadach nó, i gcás gur laghdú a tharlaíonn, an chuid ábhartha (lena n-áirítear an toradh gaolmhar) a aisíoc leis an bpáirtí lena mbaineann. Sa chás gur toradh diúltach é, déantar an cailteanas a asbhaint as na méideanna atá le haisíoc. Sa chás go ndearnadh ráthaíocht airgeadais a thaisceadh, déantar an ráthaíocht sin a fhuascailt ina hiomláine nó, de réir mar is iomchuí, i gcoibhneas leis an laghdú atá cinntithe ag CBAE⁸.

Forbairtí le déanaí sa chásdlí

08 Ina rialú dar dáta an 20 Eanáir 2021 i dtaca le hachomharc i dtaobh caingean le haghaidh damáistí, rialaigh CBAE go raibh ar an gCoimisiún, tar éis laghdú nó neamhniú fíneála a bhí íoctha go sealadach, ús a íoc as aisíoc déanach na fíneála a bhí neamhnithe nó cealaithe agus é sin amhail ón dáta ar íoc an gnóthas an fhíneáil go sealadach go dtí dáta na haisíocaíochta⁹. Téann an breithiúnas seo ó CBAE níos faide ná Airteagal 108(4) den Rialachán Airgeadais, mar gurb é méid na fíneála móide (nó lúide) an toradh gaolmhar, agus é sin amháin, a cheanglaítear ar an gCoimisiún a aisíoc de réir an airteagail sin.

09 D'ordaigh CBAE don Choimisiún an t-ús sin ar aisíocaíocht iarchurtha a íoc mar **chúiteamh** as gan a bheith in ann an t-airgead sin a theachtadh, arna ríomh trí ráta REFI CBE, móide 2 pointe céatadáin, a chur i bhfeidhm don tréimhse ón dáta a ndearnadh an fhíneáil a íoc go sealadach go dtí dáta dlite aisíocaíochta na fíneála a bhí neamhnithe ag an mbreithiúnas. Ba é sin an ráta a bhí á lorg mar chúiteamh ag an bpáirtí lena mbaineann. Sa bhreis air sin, thug an Chúirt Bhreithiúnais aitheantas **d'ús mainneachtana ar chúiteamh** ón dáta ar a ndearna an gnóthas a fíneáladh caingean le haghaidh damáistí a thaisceadh le CBAE go dtí dáta iarbhír aisíocaíochta an Choimisiúin, ag ráta REFI BCE móide 3.5 pointe céatadáin. Seo é an ráta a chuirtear i bhfeidhm ar mhúnla Airteagal 99(4) den Rialachán Airgeadais.

⁸ Airteagal 108(4) den Rialachán Airgeadais.

⁹ Cás C-301/19 P, achomharc i coinne an bhreithiúnais i gcás T-201/17.

10 Ag éirí as an rialú seo thuas ó CBAE, chaithfí an ‘cúiteamh’ a íoctar le páirtithe lena mbaineann trí bhíthin úis nó íocaíochtaí iarchurtha a íoc i gcás ina mbíonn an toradh níos ísle ná an cúiteamh, nó i gcás nár gnóthaíodh aon ús ar na fíneálacha a íocadh go sealadach leis an gCoimisiún, faoi mar a leagtar amach sna forálacha atá faoi láthair sa Rialachán Airgeadais. Mar chuid d’achomharc a bhaineann le cás comhchosúil¹⁰, d’iarr an Coimisiún ar CBAE athbhreithniú a dhéanamh ar a sheasamh maidir le haitheantas a thabhairt do chúiteamh atá comhdhéanta d’ús as aisíocaíocht iarchurtha na bhfíneálacha laghdaithe nó cealaithe atá clúdaithe ag íocaíochtaí sealadacha. Tá roinnt cásanna os comhair CBAE faoi láthair nach bhfuil breithiúnas tugtha fós orthu ag an gcéad chéim nó atá á n-achomharc¹¹.

An Togra

11 Gan beann ar thoradh an achomhairc bhreithiúnaigh thuasluaite agus na gcásanna eile, creideann an Coimisiún go bhfuil práinn le bearta reachtacha a mholadh ionas go seachnófar brú iomarcach ar bhuiséad an Aontais mar thoradh ar na forbairtí seo le déanaí sa chásdlí.

12 An 22 Aibreán 2022, thíolaic an Coimisiún togra (“an Togra”) do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle chun an Rialachán Airgeadais a leasú. Ar an 6 agus 16 Bealtaine 2022 faoi seach, d’iarr an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa tuairim a eisiúint i dtaca leis an Togra.

13 De réir mheabhrán míniúcháin an Choimisiúin, tá sé d’aidhm ag an Togra cúiteamh iomchuí a áirithiú a bheidh mar léiriú ar an luach ama a ghabhann le gan a bheith in ann airgead a theachtadh sa chás go ndéantar aisíoc ar fhíneálacha, ar phionóis eile nó ar smachtbhannaí, a íocadh go sealadach, agus atá cealaithe nó laghdaithe. Forálann an Togra freisin don chúiteamh sin a thaifeadadh mar ioncam diúltach i mbuiséad an Aontais, agus ar an gcaoi sin go seachnaítear aon éifeacht mhíchuí ar thaobh an chaiteachais agus ag cur ar chumas an Aontais na hoibleagáidí airgeadais a éiríonn as a chomhlíonadh ar mhodh níos éifeachtaí.

¹⁰ Cás C-221/22 P, arna thaisceadh an 28 Márta 2022, achomharc i coinne an bhreithiúnais i gcás T-610/19.

¹¹ Cásanna T-236/22, T-480/21, T-420/21, T-414/21, T-413/21, T-411/21, T-410/21, T-321/21, T-313/21, T-310/21, T-292/21, T-291/21, T-80/21 agus T-94/20.

14 Go dtí seo, tá sé deimhnithe ag an gCoimisiún go bhfuil suim iomlán de €2 mhilliún íoctha aige i ndiaidh na mbreithiúnas ó CBAE maidir le caingean le haghaidh damáistí in dhá chás¹². Bunaithe ar mheasúnú a rinne sé in Aibreán 2022 maidir le toradh na gcásanna atá dúnta agus maidir le toradh caingne atá os comhair CBAE faoi láthair, mheas an Coimisiún go bhféadfadh sé go mbeadh éilimh ar chúiteamh a dhéanfadh páirtithe a bheadh faoi réir fíneálacha agus pionóis cealaithe nó laghdaithe, agus a bhí clúdaithe le híocaíochtaí sealadacha, chomh hard le €1.2 billiún.

¹² Cásanna T-201/17 agus T-610/19.

Barúlacha ginearálta

15 Ar an iomlán, is díol sásaimh dúinn na leasuithe ar an Rialachán Airgeadais atá molta, mar go bhfuil sé mar aidhm leo cúiteamh réasúnach a áirithiú do ghnóthais agus do Bhallstáit sa chás go mbeadh aisíocaíocht le déanamh ar fhíneáil nó pionós a bhí íoctha go sealadach ach go ndearnadh iad sin a chealú nó a laghdú. Tá forchoimeádais áirithe againn i dtaobh an Togra, áfach, a mhéid a bhaineann leis na rialacha le haghaidh buiséadú do chostais airgeadais an chúitimh.

16 Cé go dtugann sé níos mó solúbthachta don Choimisiún ó thaobh bhainistiú an bhuiséid de, fágann an moladh go ndéanfaí na costais sin a thaifeadadh mar ioncam diúltach nach mbeadh ar an gCoimisiún déanamh de réir na ngnáthnósanna imeachta buiséadacha is infheidhme maidir le caiteachas.

17 Chomh maith leis sin, tá tráchtanna sonracha againn faoi na saincheistean seo a leanas:

- (a) ríomh an chúitimh (féach míreanna [19-21](#));
- (b) an tionchar atá ag ioncam diúltach a thaifeadadh (féach míreanna [22-25](#));
- (c) soiléiriú faoi ús mainneachtana (féach mír [26](#));
- (d) na fíneálacha agus pionóis dheifnídeacha a iontráil sa bhuiséad (féach mír [27](#)).

18 Tugaimid ar aire go ndearnadh an Togra ag an am céanna a bhfuil achomharc faoi chás comhchosúil á scrúdú ag CBAE. Tá cásanna eile ar siúl faoi láthair freisin a bhaineann le cúiteamh as fíneálacha agus pionóis (féach mír [10](#)). Molaimid don Choimisiún faireachán gníomhach a dhéanamh ar thoradh na gcásanna sin agus a dtionchar ar an Rialachán Airgeadais a mheasúnú.

Tráchtanna sonracha

Cúiteamh

19 Mhol an Coimisiún gur cheart méid an úis ar chúiteamh a ríomh ag ráta REFI BCE móide 1.5 pointe céatadáin¹³. Tugaimid ar aire go bhfuil an ráta molta sin níos ísle ná an ráta a shonraigh CBAE i mbreithiúnas uaidh le déanaí ar achomharc a bhaineann le caingean le haghaidh damáistí (ráta REFI BCE, móide 2 phointe céatadáin), a bhí dá réir sin ag léiriú na hiarrata a tháinig ón ngnóthas i dtrácht.

20 Aithnímid go bhfuil sé molta ráta REFI BCE móide 1.5 pointe céatadáin a chur i bhfeidhm ar mhúnla an ráta úis atá le híoc nuair a dhéanann féichiúnaí ráthaíocht airgeadais (in ionad íocaíocht shealadach a dhéanamh) a thaisceadh le haghaidh tréimhse na dlíthíochta (féach mír **26**). Mar sin féin, tá an difríocht idir an ráta atá molta in Airteagal 108(4) den Rialachán Airgeadais agus an ráta atá ag éirí as an gcásdlí thuasluaite ag cruthú riosca go bhféadfadh gnóthais nó Ballstáit caingne le haghaidh damáistí a thabhairt os comhair CBAE chun cúiteamh níos airde a fháil, seachas trí chur i bhfeidhm an ráta mholta.

21 Tugaimid ar aire freisin nár mhol an Coimisiún foráil a chur isteach maidir le hús mainneachtana (arna ríomh ar bhonn ráta REFI BCE móide 3.5 pointe céatadáin) sa chás nach ndéantar an cúiteamh sin a aisíoc faoi na sprioc-amanna atá sonraithe (féach mír **09**). Chun soiléireacht an téacs dlí a fheabhsú, molaimid gur cheart don Choimisiún é sin a chur isteach san athrú atá molta aige ar Airteagal 108(4) den Rialachán Airgeadais (féach *[Iarscríbhinn I](#)*) trí na coinníollacha le haghaidh ús ar íocaíochtaí déanacha faoi mar a leagtar amach in Airteagal 116(5) den Rialachán Airgeadais iad a chur i bhfeidhm.

Ioncam diúltach

22 Ó thaobh an bhuiséid de, déantar fíneáil nó pionós a thaifeadadh mar ioncam nuair atá méid deifnídeach socraithe agus íoctha. Le linn an phróisis dlíthíochta ag CBAE, níl foráil bhuiséadach déanta do mhéideanna na bhfíneálacha nó na bpionós. Na costais airgeadais a ghabhann le cúiteamh as fíneálacha nó pionós atá cealaithe nó

¹³ Airteagal 108(4) den Rialachán Airgeadais faoi mar atá molta.

laghdaithe, déantar iad sin, faoi láthair, a chur chun dochair do bhuiséad an Aontais mar chaiteachas faoi Cheannteideal 7: “An Riarachán Poiblí Eorpach”.

23 Sna hathruithe atá molta ag an gCoimisiún ar Airteagal 48(1) den Rialachán Airgeadais, tá sé beartaithe na costais airgeadais a ghabhann le cúiteamh a thairfeadh mar ioncam diúltach, á n-asbhaint as na méideanna buiséadaithe le haghaidh fíneálacha agus pionóis dheifnídeacha. Dar linne, is tionchar airgeadais neodrach ar bhuiséad an Aontais ina iomláine a bheadh i gceist le cúiteamh a chur chun dochair mar ioncam diúltach seachas mar chaiteachas. Cé go bhféadfadh sé go laghdódh sé sin brú iomarcach ar an mbuiséad, ní bheadh ar an gCoimisiún déanamh de réir na ngnáthnósanna imeachta buiséadacha is infheidhme maidir le caiteachas, i.e. na nósanna imeachta le haghaidh aistrithe buiséadacha agus/nó buiséid leasaitheacha¹⁴ a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfuil na leithreasuithe riachtanacha ar fáil; nó na costais thuasluaite a áireamh mar chuid den chaiteachas údaraithe iomlán i gcomhréir leis na huasteorainneacha atá ag gabháil le hacmhainní dílse¹⁵ agus leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI)¹⁶.

24 Ní gnáthchleachtas buiséadach é costais airgeadais a chur chun dochair mar ioncam diúltach. Mar sin féin, ag féachaint do thuarisciú airgeadais a fheabhsú, tugaimid ar aire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún líne buiséid ar leithligh a thabhairt isteach chun go bhféadfar méideanna diúltacha de chúiteamh atá asbhainte as an ioncam ó fhíneálacha agus pionóis a shainathint. Tá sé ar intinn aige freisin níos mó faisnéise a thabhairt faoin gcúiteamh seo (e.g. na méideanna atá íoctha nó dlite don bhliain reatha, agus na méideanna measta don bhliain dár gcionn) mar chuid de na doiciméid tacaíochta le haghaidh glacadh an bhuiséid agus a chuid leasuithe.

25 De réir an Togra, bheadh na costais airgeadais clúdaithe ag an ioncam a éiríonn as méideanna na bhfíneálacha agus na bpionós atá tagtha chun bheith deifnídeach. Measann an Coimisiún go bhfuil sé seo leordhóthanach tríd is tríd. Tugaimid ar aire, áfach, go bhfuil baol ann go bhféadfadh sé nach gclúdódh leibhéal na bhfíneálacha nó na bpionós deifnídeach an cúiteamh atá dlite sa bhliain chéanna. Ciallaíonn sé sin, má thagann ann don riosca, go gcaithfí an cúiteamh a mhaoiniú as ioncam eile nó, mar an

¹⁴ Airteagail 30 agus 44 den Rialachán Airgeadais.

¹⁵ Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

¹⁶ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

rogha dheiridh, as ranníocaíochtaí náisiúnta breise bunaithe ar Ollioncam Náisiúnta (OIN) na mBallstát (féach mír [27](#)).

Ús mainneachtana

26 Is díol sásaimh dúinn an modhnú atá molta le haghaidh Airteagal 99(4) den Rialachán Airgeadais, a bhaineann as sin an tagairt don ús atá le híoc sa chás go dtugtar ráthaíocht chun fíneálacha nó pionóis a chlúdach (ag ráta REFI BCE móide 1.5 pointe céatadáin) agus a chuireann isteach í sa téacs atá molta d’Airteagal 108(1) den Rialachán Airgeadais. Tugtar soiléiriú sa Togra nach bhfuil feidhm ag ús mainneachtana (ag ráta REFI BCE móide 3.5 pointe céatadáin) ach amháin maidir le cásanna nach bhfuil fíneálacha agus pionóis atá forchurtha le cinntí ón gCoimisiún íoctha nó nach bhfuil siad clúdaithe le ráthaíocht.

Na fíneálacha agus pionóis dheifnídeacha a iontráil sa bhuiséad

27 Dá ndéanfaí fíneálacha agus pionóis dheifnídeacha a iontráil sa bhuiséad (mar atá molta in Airteagal 107(2) den Rialachán Airgeadais) faoi dheireadh na bliana i ndiaidh na bliana inar tháinig na fíneálacha chun bheith deifnídeach, bheadh níos mó solúbthachta ag buiséad an Aontais chun freagairt dá riachtanais airgeadais. Sin mar gheall, de réir an Togra, go bhféadfaí foráil bhuiséadach a dhéanamh d’ioncam ó fhíneálacha agus ó phionóis suas go dtí deireadh na bliana tar éis do na méideanna ábhartha teacht chun bheith deifnídeach, sa chás go dteastóidís chun cúiteamh atá dlite a chlúdach agus ní bheadh gá le foinsí eile ioncaim a úsáid (féach mír [25](#)).

Leasuithe ar an togra atá á moladh againn

28 In *larscríbhinn I*, leagaimid amach athruithe a mholaimid a dhéanamh ar an togra agus déanaimid tráchtanna ina leith.

Is é Seomra V, faoi cheannas Tony Murphy (Comhalta den Chúirt Iniúchóirí), a ghlac an Tuairim seo i Lucsamburg an 22 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí



Klaus-Heiner Lehne
Uachtarán

Iarscríbhinn

Iarscríbhinn I – Na hathruithe ar an Togra a mholaimid agus tráchtanna ina leith

Téacs an togra	Athrú molta	Tráchtanna
<p><i>Airteagal 1 den Togra</i></p> <p>(...)</p> <p>(4)</p> <p>Leasaítear Airteagal 108 mar seo a leanas:</p> <p>(a) (...)</p> <p>(b) leasaítear mír 4 mar seo a leanas:</p> <p>(i) (...)</p> <p>Déanfar an méid nó an chuid ábhartha de dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír a mhéadú le hús ar an ráta a chuir an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a bheidh foilsithe i sraith C d’<i>Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh</i>, an ráta a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí ina nglactar an cinneadh lena bhforchuirtear fíneáil, pionós eile nó smachtbhanna, agus aon phointe céatadáin go leith curtha leis.</p> <p>(ii) (...).</p>	<p><i>Airteagal 1 den Togra</i></p> <p>(...)</p> <p>(4)</p> <p>Leasaítear Airteagal 108 mar seo a leanas:</p> <p>(a) (...)</p> <p>(b) leasaítear mír 4 mar seo a leanas:</p> <p>(i) (...)</p> <p>Déanfar an méid nó an chuid ábhartha de dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír a mhéadú le hús ar an ráta a chuir an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a bheidh foilsithe i sraith C d’<i>Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh</i>, an ráta a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí ina nglactar an cinneadh lena bhforchuirtear fíneáil, pionós eile nó smachtbhanna, agus aon phointe céatadáin go leith curtha leis. Más rud é nach mbeidh an t-ús faoi phointe (i) íoctha faoin sprioc-am a bheidh leagtha síos le breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, nó, in éagmais sprioc-am den</p>	<p>Molaimid a shoiléiriú go bhféadfadh sé go mbeadh ar an gCoimisiún ús mainneachtana a íoc sa chás go mbítear déanach in aisíoc mhéid an chúitimh, trí na coinníollacha le haghaidh ús ar íocaíochtaí déanacha, faoi mar atá leagtha amach in Airteagal 116(5) den Rialachán Airgeadais, a chur i bhfeidhm (féach mír 21).</p>

Téacs an togra	Athrú molta	Tráchtanna
	<p>sórt sin, laistigh de 30 lá ó dháta an bhreithiúnais sin, déanfar ús mainneachtana a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 116(5).</p> <p>(ii) (...).</p>	